Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Nollaig 2021**
**(OR. en)**

**14750/21**

**SOC 724**
**EMPL 541**
**GENDER 128**
**ANTIDISCRIM 109**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13976/21 + COR 1 |
| Ábhar: | Tionchar na hIntleachta Saorga ar an gComhionannas Inscne i Margadh an tSaothair<br>- Conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite arna bhformheas ag Comhairle EPSCO ag an gcruinniú a bhí aici an 6 Nollaig 2021.

<u>**IARSCRÍBHINN**</u>

**Tionchar na hIntleachta Saorga ar an gComhionannas Inscne i Margadh an tSaothair**

**Conclúidí ón gComhairle**[1]

Á THABHAIRT DÁ hAIRE:

1. Tá an comhionannas inscne agus cearta an duine ag croílár luachanna an Aontais agus is prionsabal bunúsach de chuid an Aontais Eorpaigh agus prionsabal a chumhdaítear sna conarthaí agus a aithnítear in Airteagal 23 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh é an comhionannas idir mná agus fir. Le hAirteagal 8 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), ceanglaítear ar an Aontas, ina ghníomhaíochtaí uile, é a bheith d'aidhm aige neamhionannais idir mná agus fir a dhíchur agus comhionannas eatarthu a chur ar aghaidh.

2. D'fhonn comhionannas iomlán iarbhír idir fir agus mná a áirithiú i saol na hoibre, ceadaítear do na Ballstáit, le hAirteagal 157 CFAE, bearta dearfacha gníomhaíochta a choimeád ar bun nó a ghlacadh. Is é is aidhm dóibh foráil a dhéanamh do bhuntáistí sonracha chun gur fusa don ghnéas tearcionadaithe gabháil le gairm bheatha nó chun míbhuntáistí i ngairmeacha gairmiúla a chosc nó a chúiteamh. Le hAirteagal 157 CFAE, ceanglaítear ar na Ballstáit cur i bhfeidhm an phrionsabail go bhfuil pá comhionann as obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach ag dul d'oibrithe fireanna agus d'oibrithe baineanna a áirithiú.

3. Daingnítear an comhionannas inscne, an fhostaíocht shlán, inoiriúnaithe agus an chothromaíocht oibre is saoil i bPrionsabail 2, 5 agus 9 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a d'fhógair Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún an 17 Samhain 2017. I gColún Eorpach na gCeart Sóisialta, cuirtear i bhfios go láidir nach mór don Eoraip an bhearna fostaíochta inscne a laghdú faoi leath i gcomparáid le 2019, má táthar chun 78 % ar a laghad den daonra idir 20 agus 64 bliana a fhostú faoi 2030.

[1] Conclúidí arna dtarraingt suas i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar chur chun feidhme Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising, agus tagairt ar leith á déanamh do Phríomhréimse Imní F (Mná agus an Geilleagar).

4. Is fachtóirí tábhachtacha iad beartais ar mhaithe leis an gcomhionannas inscne chun go mbeidh fás cliste, inbhuanaithe, cuimsitheach ann agus is réamhchoinníoll iad na beartais sin freisin má táthar chun rathúnas, iomaíochas agus lánfhostaíocht a bhaint amach, mar aon le comhtháthú sóisialta, cuimsitheacht agus dea-bhail. Idir an dá linn, de dheasca an laghdú ar an lucht saothair mar thoradh ar fhorbairtí déimeagrafacha san Aontas, is gá speisialtóirí ardoilte, go háirithe mná, a mhealladh agus a choinneáil i margadh an tsaothair, lena n-áirítear san earnáil TFC, agus ag an am céanna géarú ar an gcath in aghaidh leithscaradh inscne cothrománach agus ingearach freisin.

5. D'fhéadfadh ról ríthábhachtach a bheith ag an digiteáil agus na teicneolaíochtaí nua, lena n-áirítear an intleacht shaorga (IS), ó thaobh dlús a chur leis an dul chun cinn i dtreo rannpháirtíocht iomlán chomhionann na mban i margadh an tsaothair. Leis na hathruithe ar na patrúin oibre mar thoradh ar ghéarchéim COVID-19 agus an méadú gaolmhar ar réitigh digiteáilte, IS-bhunaithe, cuireadh chun suntais a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar an digiteáil, go háirithe IS, i gcomhthéacs an chomhionannais inscne.

6. Is uirlis thábhachtach í IS agus tá sí ina príomhspreagthóir don athrú agus don nuálaíocht, cineálacha nua oibre agus cuimsithe sóisialta san áireamh, agus d'fhéadfadh sí tionchar éagsúil a bheith aici ar mhná le hais na bhfear. Tá sé tábhachtach anailís a dhéanamh ar na hiarmhairtí atá ag cineálacha nua oibre ó thaobh na hinscne de; chun leas a bhaint as poitéinseal iomlán na mban sa réimse seo; agus chun a áirithiú gur féidir le mná agus fir an tairbhe céanna a bhaint as na deiseanna a chruthaítear le húsáid IS i réimsí éagsúla na oibre, lena n-áirítear obair ardáin. Ní mór mná agus fir araon a chosaint ó na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann. Mar shampla, ní mór measúnú a dhéanamh ar an mbaol atá ann maidir le cinnteoireacht dhoiléir agus idirdhealú algartamach bunaithe ar ghnéas, cine nó bunadh eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéasach, agus ní mór réitigh a beartú chun cosc a chur ar aon sárú ar luachanna an Aontais agus ar na cearta bunúsacha, an neamh-idirdhealú agus an comhionannas inscne san áireamh.

7. Mar a chuir an Coimisiún i dtreis ina Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025, is réimse a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint léi an Intleacht Shaorga (IS) agus is príomhspreagthóir don dul chun cinn eacnamaíoch í - mar sin, ní mór do mhná a bheith mar chuid dá fhorbairt mar thaighdeoirí, mar ríomhchláraitheoirí agus mar úsáideoirí. Cé gur féidir le IS go leor dúshlán sochaíoch a réiteach, tá an baol ann go ngéaróidh an neamhionannas inscne. Maidir le halgartaim agus meaisínfhoghlaim ghaolmhar, mura bhfuil siad trédhearcach agus stóinsithe go leor, tá an baol aon go mbeidh laofacht inscne ann arís eile, go ndéanfar í a mhéadú nó go rannchuideofar le laofacht inscne nach bhfuil ríomhchláraitheoirí ar an eolas faoi nó a eascraíonn as roghnú sonrach sonraí.

8. Á THABHAIRT DÁ hAIRE an Páipéar Bán ón gCoimisiún dar teideal *"Artificial Intelligence – A European Approach to excellence and trust"* ["An Intleacht Shaorga – Cur Chuige Eorpach i leith barr feabhais agus iontaoibhe"], ina n-iarrtar forbairt agus úsáid eiticiúil iontaofa na hintleachta saorga ar fud gheilleagar an Aontais.

9. Á THABHAIRT DÁ hAIRE an tuarascáil ón Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) "An intleacht shaorga, an obair ardáin agus an comhionannas inscne", ina leagtar amach na bealaí tábhachtacha ina bhfuil úsáid mhéadaitheach na teicneolaíochta IS-bhunaithe ag dul i bhfeidhm ar an gcomhionannas inscne i margadh an tsaothair, lena n-áirítear dálaí oibre, patrúin oibre agus an chothromaíocht oibre is saoil do mhná agus d'fhir a ghlacann páirt san ardán oibre, agus ina leagtar amach na príomhdhúshláin rialála sna réimsí sin.

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí, agus imthosca náisiúnta á gcur san áireamh acu, mar aon le ról agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta, an méid seo a leanas a dhéanamh:

10. Céimeanna nithiúla a ghlacadh chun feabhas a chur ar fheasacht maidir le saincheisteanna comhionannais inscne sa taighde ar IS agus i ngach earnáil ina ndéantar IS a cheapadh, a fhorbairt agus a úsáid, agus chun feabhas a chur ar iarrachtaí na ngníomhaithe ábhartha uile cur chuige ildisciplíneach a ghlacadh i leith taighde ar IS.

11. Aghaidh a thabhairt ar riachtanais na ndaoine a ghabhann d’obair ardáin i mbearta chun tionchar phaindéim COVID-19 ar an ngeilleagar agus ar an tsochaí agus ar dhaoine féinfhostaithe a mhaolú, agus aird ar leith á tabhairt ar oibrithe ardáin ar mná iad.

12. Feabhas a chur ar a n-iarrachtaí ionadaíocht chothrom a bhaint amach do mhná agus d’fhir i ngairmeacha a bhaineann le huirlisí intleachta saorga a chruthú agus a imscaradh agus sa taighde ar intleacht shaorga. D’fhéadfaí an méid seo a leanas a áireamh ar na gníomhaíochtaí arna mbreithniú:

    a) Cailíní agus mná óga, lena n-áirítear iad siúd ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste, a spreagadh chun scileanna digiteacha a fhoghlaim agus chun inniúlacht sa ríomhchlárú a bhaint amach san oideachas agus san oiliúint a chuirtear orthu sa bhunscoil agus sa mheánscoil, agus tacú leo na hinniúlachtaí sin a neartú, agus é mar aidhm an bhearna dhigiteach inscne a laghdú i dtréimhsí eile dá saoil ina dhiaidh sin;

    b) Cailíní agus mná óga, lena n-áirítear iad siúd ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste, a spreagadh chun bealaí oideachais, oiliúna agus gairme a roghnú i réimsí ETIM[2], lena n-áirítear TFC agus IS, agus na hacmhainní agus an tacaíocht is gá a chur ar fáil dóibh, chomh maith le eiseamláirí ar mná iad a chur chun cinn sa réimse sin;

[2] Eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic.

c) Gnéithe eitice agus comhionannais inscne a ionchorprú i réimsí staidéir ETIM agus i gcláir staidéir IS, d'fhonn feasacht a mhúscailt maidir le gné an chomhionannais;

d) Taighde a dhéanamh ar fhorbairt agus ar úsáid IS agus béim ar leith á leagan ar an ngá atá le maoirseacht dhaonna; ar impleachtaí dlí, lena n-áirítear an tionchar ar chearta agus ar shaoirsí bunúsacha; agus ar ghnéithe sóisialta, lena n-áirítear ó thaobh an chomhionannais inscne de; chomh maith le gnéithe eiticiúla agus an riosca idirdhealaithe;

e) Tacú le hathsciliú, uas-sciliú agus foghlaim ar feadh an tsaoil do mhná agus d'fhir araon, agus é mar aidhm leis sin na hardscileanna digiteacha a bhfuil gá leo i gcuid mhór post a thabhairt dóibh; gairmeacha san eolaíocht sonraí agus IS a dhéanamh níos inrochtana do chách; agus an bhearna sna scileanna digiteacha a laghdú, lena n-áirítear d'fhonn comhdheiseanna a áirithiú i gcomhthéacs aistrithe post;

f) Bearta sonracha a dhéanamh chun an t-idirdhealú, lena n-áirítear ciapadh, a chosc agus a chomhrac i dtimpeallacht oideachais agus san ionad oibre, go háirithe in earnálacha ina ndéantar IS a cheapadh, a fhorbairt agus a úsáid;

g) Bearta sonracha a dhéanamh chun cothromaíocht iomchuí oibre is saoil a éascú d'oibrithe in eagraíochtaí a fhorbraíonn AI agus in eagraíochtaí, lena n-áirítear ardáin ar líne, a bhaineann úsáid as uathoibriú digiteach chun críoch bainistíochta;

h) Aghaidh a thabhairt ar an tsíleáil ghloine[3] in ionaid oibre agus i ngnólachtaí, lena n-áirítear trí bhearta lena n-áiritheofar nach mbuanófar le IS an tsíleáil sin, lena n-áirítear le linn na céime earcaíochta;

---

[3] Baic shaorga agus bacainní dofheicthe a chuireann bac ar rochtain na mban ar ardphoist chinnteoireachta agus bhainistíochta in eagraíocht, bíodh sin poiblí nó príobháideach agus i bpé réimse (EIGE, 2021).

i) Féachaint lena áirithiú, i gcás ina n-úsáidtear IS chun acmhainní daonna a bhainistiú, go gcuirtear trédhearcacht agus comhionannas inscne chun cinn léi, go háirithe maidir le pá, oiliúint, rochtain ar ardú céime agus dul chun cinn gairme;

j) Feabhas a chur ar na dálaí oibre i measc an lucht saothair dofheicthe atá taobh thiar de IS[4], ar mná iad níos mó ná a leath de; na héagothromaíochtaí atá ann faoi láthair a shainaithint; agus gach iarracht a dhéanamh chun deireadh a chur leis an mbearna phá idir na hinscní agus le cineálacha eile neamhionannais inscne i ngach earnáil IS; agus

k) Taighde a dhéanamh ar bhealaí ina bhféadfaidh úsáid IS rannchuidiú le dálaí oibre a fheabhsú agus an t-ualach a bhaineann le gnáthghníomhaíochtaí a laghdú in earnálacha amhail seirbhísí pearsanta agus tí, cúram sláinte agus oideachas.

13. Leanúint dá n-iarrachtaí trédhearcacht algartamach (*feasacht algartamach*)[5] in úsáid IS a áirithiú. Féadfar na nithe seo a leanas a áireamh ar na céimeanna atá le glacadh:

a) Cothromaíocht inscne a áirithiú i gceapadh na n-algartam, go háirithe iad siúd atá beartaithe le haghaidh nósanna imeachta fostaíochta agus cinnteoireachta, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar fhadhb na sonraí ionchuir is gnách a bheith claonta, agus leibhéal leordhóthanach maoirseachta daonna agus rialaithe dhaonna a áirithiú, lena n-áirítear ag an gcéim earcaíochta agus nuair a bhíonn feidhmíocht agus iompraíocht á meas.

4 Sa lá atá inniu ann, tugann mná agus roinnt grúpaí imeallaithe breisluach tábhachtach fós d'earnáil na hintleachta saorga; mar sin féin, ní thugtar aitheantas comhréireach dá rannchuidiú i ndáil leis an eolas a chuidíonn siad a chruthú. Ní go n-áirítear ach poist d'fhostaithe ardcháilithe i dtionscal na hintleachta saorga, ach áirítear ann poist ar phá íseal freisin. Na mná agus na fir a mbíonn na poist sin acu, ar a dtugtar an lucht saothair dofheicthe taobh thiar den intleacht shaorga, de ghnáth, tugann siad faoi chúraimí tacaíochta maidir le hoiliúint algartam don mheaisínfhoghlaim (e.g. lipéadú sonraí) (EIGE, 2021).

5 Is cosaint thábhachtach í an trédhearcacht algartamach don chuntasacht agus don chothroime sa chinnteoireacht. Bíodh feidhmchláir IS éagsúla i gceist nó torthaí a rangú in innill chuardaigh, mar shampla, is le halgartaim a rialaítear an bealach ar a mbíonn rochtain againn ar fhaisnéis ar líne. Tá impleachtaí móra ag an méid sin do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí i réimsí amhail ardáin ar líne. Tá tuiscint dhomhain ar thrédhearcacht algartamach ríthábhachtach chun beartais a cheapadh ar bhonn eolasach. Ina theannta sin, cuireann trédhearcacht algartamach leis an bhfeasacht ar an drochthionchar a d'fhéadfadh a bheith ag algartaim intleachta saorga ar dhinimicí sóisialta (sa chás seo ar an ngaolstádais idir mná agus fir) (an Coimisiún Eorpach, 2020).

b) Trédhearcacht maidir le faireachán agus meastóireacht algartamach a chur chun cinn, chomh maith le trédhearcacht na gcritéar a úsáidtear i mbainistiú algartamach ar dháileadh oibre agus ar shannadh cúraimí i dtimpeallachtaí oibre, agus é mar aidhm feabhas a chur ar an bhfaisnéis atá ar fáil do dhaoine a bhféadfadh bainistiú algartamach difear a dhéanamh dá gcearta agus dá leasanna agus cóir chomhionann agus stádas comhionann a áirithiú do mhná agus d’fhir;

c) Cur le feasacht na n-oibrithe, a n-ionadaithe agus na n-údarás náisiúnta ábhartha maidir leis an ról atá ag algartaim i mbainistiú oibre agus rochtain ar fhaisnéis ábhartha a áirithiú; agus

d) Cosc a chur ar chóir níos lú fabhair i gcás fostaithe a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu i ngeall ar aon mhainneachtain na freagrachtaí sin a chur san áireamh agus algartaim á gceapadh chun freagrachtaí oibre a shannadh.

14. Leanúint d’anailís a dhéanamh ar an gcreat náisiúnta institiúideach agus dlíthiúil d’obair ardáin, agus an ról suntasach atá ag IS sa chomhthéacs sin á chur san áireamh; a áirithiú go n-áireofar gné na hinscne san anailís sin; agus aird ar leith a thabhairt ar aon fholús dlíthiúil agus neamhchinnteacht maidir le stádas fostaíochta na ndaoine a bhíonn ag gabháil d’obair ardáin chun feabhas a chur ar a ndálaí oibre agus chun méadú ar chineálacha neamhbhuana oibre a sheachaint agus ilchineálacht na n-ardán á cur san áireamh ag an am céanna.

15. Dlús a chur leis na hiarrachtaí chun Moladh 2019/C 387/01 ón gComhairle maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d’oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe a chur chun feidhme.

16. Céimeanna nithiúla a thabhairt chun idirdhealú a chosc agus chun aghaidh a thabhairt ar chlaontacht sna córais agus sna halgartaim uile intleachta saorga.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AGUS AR NA BALLSTÁIT, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí, agus imthosca náisiúnta na mBallstát agus ról agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta á gcur san áireamh acu, an méid seo a leanas a dhéanamh:

17. An nasc idir beartais comhionannais inscne an Aontais agus beartais an Aontais maidir leis an aistriú digiteach a neartú, agus comhtháthú córasach peirspictíocht inscne i mbeartais IS a áirithiú, agus béim ar leith á leagan ar chailíní agus ar mhná a spreagadh chun páirt a ghlacadh agus obair a dhéanamh i réimse an taighde ar IS agus i ngach earnáil ina ndéantar IS a cheapadh, a fhorbairt agus a úsáid.

18. Bearta spriocdhírithe a cheapadh, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu chun steiréitíopaí inscne a shárú i gcomhthéacs IS, chun comhionannas inscne a áirithiú sa réimse sin. D’fhéadfaí an méid seo a leanas a chur san áireamh i measc na mbeart seo:

    a) Bearta chun gné na hinscne a chomhtháthú i réimse IS trí chothromaíocht inscne a chur chun cinn sa taighde, san oideachas agus san oiliúint agus san fhostaíocht i bpoist lena mbaineann obair i réimse IS. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar fheasacht a mhúscailt maidir le seirbhísí acmhainní daonna i ndáil leis na buntáistí a bhaineann le huirlisí IS a úsáid ina gcuid oibre agus freisin maidir leis na rioscaí a d‘fhéadfadh a bheith ann, agus é mar aidhm leis laofacht inscne agus cleachtais idirdhealaitheacha a d’fhéadfadh a bheith ann a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu;

    b) Bearta chun tacú le hoiliúint a sholáthar maidir le comhionannas inscne agus steiréitíopaí inscne do shaineolaithe ar IS, lena n-áirítear daoine atá páirteach i dtaighde ar IS agus i gceapadh, i bhforbairt agus in úsáid IS;

    c) Bearta chun taighde agus forbairt atá inscne-íogair a chur chun cinn i réimsí IS agus go háirithe sa mheaisínfhoghlaim; agus

    d) Bearta chun treoir agus uirlisí a fhorbairt agus a scaipeadh d’úsáid inscne-íogair sonraí agus oiliúint á cur ar chórais mheaisínfhoghlama.

19. Comhpháirtíochtaí agus comhar a chothú le tíortha atá ar aon intinn leo, leis na comhpháirtithe sóisialta, agus le gnólachtaí agus eagraíochtaí gnó a oibríonn sa réimse digiteach, go háirithe IS, lena n-áirítear tionscal TFC, agus cuideachtaí na meán agus na meán sóisialta, chomh maith le gach earnáil ábhartha eile, lena n-áirítear cúram sláinte, oideachas, innealtóireacht, airgeadas agus talmhaíocht, d'fhonn comhionannas inscne a chur chun cinn go córasach ó thaobh na digiteála de agus go háirithe IS.

20. A n-iarrachtaí a neartú chun aghaidh a thabhairt go córasach ar laofacht sonraí i mbailiú sonraí fostaíochta i gcomhthéacsanna ábhartha ina n-úsáidtear IS, agus é mar aidhm aige cosc a chur ar bhuanú neamhionannais inscne i margadh an tsaothair agus in áiteanna eile; ba cheart na sonraí sin a mhiondealú de réir gnéis agus aoise, agus an pheirspictíocht trasnach á cur san áireamh.

21. Dlús a chur lena n-iarrachtaí an leithscaradh inscne cothrománach agus ceartingearach araon a chomhrac i margadh an tsaothair.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

22. Leanúint dá iarrachtaí steiréitíopaí inscne a chomhrac i réimsí a bhaineann le IS.

23. Leanúint dá iarrachtaí a áirithiú go dtabharfar aghaidh, i mbeartais IS ar leibhéal an Aontais, ar ghné an chomhionannais inscne i gceapadh, i bhforbairt agus in úsáid IS, agus aird ar leith á tabhairt ar an ngá atá ann nach mbuanófar le toimhdí steiréitipiciúla inscne.

24. A áirithiú go ndéanfar tuilleadh taighde iomchuí ar cheapadh, ar fhorbairt agus ar úsáid IS ó ghné an chomhionannais inscne de, lena n-áirítear trí mhaoiniú, agus béim ar leith á leagan ar idirdhealú trasnach, agus an staidéar a rinne EIGE á chur san áireamh.

Tagairtí

1. Idirinstitiúideach AE

*European Pillar of Social Rights* [Colún Eorpach na gCeart Sóisialta] https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/social-summit-european-pillar-social-rights-booklet_en.pdf

2. Reachtaíocht an Aontais Eorpaigh

Treoir 2004/113/CE ón gComhairle an 13 Nollaig 2004 lena gcuirtear chun feidhme prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná maidir le rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus maidir le soláthar earraí agus seirbhísí. *(IO L 373, 21.12.2004, lgh. 37-43.)*

Treoir 2006/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le cur chun feidhme phrionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha (athmhúnlú)
*(IO L 204, 26.7.2006, lgh. 23-36.)*

Treoir (AE) 2019/1158 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019, maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/18/AE ón gComhairle (*IO L 188, 12.7.2019, lgh. 79–93.*)

Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. (*IO L 57, 18.2.2021, lgh. 17-75.)*

3. An Chomhairle

Na conclúidí uile ón gComhairle maidir le comhionannas inscne agus ábhair ábhartha eile, lena n-áirítear go háirithe iad siúd a luaitear thíos:

- Conclúidí ón gComhairle maidir le margaí saothair níos cuimsithí a bhaint amach (7017/15)
- Conclúidí ón gComhairle maidir le Scileanna na mBan agus na bhFear i Margadh Saothair an Aontais Eorpaigh a Fheabhsú (6889/17)
- Conclúidí ón gComhairle maidir le bearta feabhsaithe chun leithscaradh inscne cothrománach a laghdú san oideachas agus san fhostaíocht (15468/17)
- Conclúidí ón gComhairle maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní a Dhúnadh: Príomhbheartais agus Bearta (10349/19)
- Conclúidí ón gComhairle maidir le Geilleagar na Dea-Bhaile (13432/19)
- Conclúidí ón gComhairle maidir le Comhionannas Inscne i nGeilleagair an Aontais: An Bealach Chun Cinn: Breithniú ar 25 bliana de Chur chun Feidhme Chlár Oibre Bhéising don Ghníomhaíocht (14938/19)
- Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Dea-bhail ag an obair a Fheabhsú (8688/20)
- Conclúidí ón gComhairle maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní a Ghleic: Obair Ar Íocaíocht agus Obair Chúraim Gan Íocaíocht a Luacháil agus a Dháileadh (13584/20)
- Conclúidí ón gComhairle maidir le Tionchar Socheacnamaíoch COVID-19 ar an gComhionannas Inscne (8884/21)

4. An fhoireann trí Uachtaránacht

Dearbhú Trípháirteach ón Uachtaránacht maidir le Comhionannas Inscne, arna shíniú ag an nGearmáin, ag an bPortaingéil agus ag an tSlóivéin (Iúil 2020)

5. An Coimisiún Eorpach

Teachtaireacht ón gCoimisiún an 26 Aibreán 2017 dar teideal: *"An initiative to support work-life balance for working parents and carers"* ["Tionscnamh chun tacú leis an gcothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí a bhíonn ag obair"]
(COM(2017) 252 final)

Teachtaireacht *"Digital Education Action Plan (2021 to 2027) Resetting Education for the Digital Age"* ["Plean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach (2021 go 2027) An t-oideachas a athshocrú don Ré Dhigiteach"], COM(2020) 624 final

*2021 Report on equality between women and men in the European Union*
[Tuarascáil 2021 maidir leis an gcomhionannas idir mná agus fir san Aontas Eorpach]
(6774/21)

*A Union of Equality: Gender Equality Strategy 2020-2025* [Aontas an Chomhionannais: Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025]. 6678/20. (Tagairt an Choimisiúin: (COM(2020)152 final.)

*Communication on A Strong Social Europe for Just Transitions* [Teachtaireacht maidir le hEoraip Shóisialta Láidir d'Aistrithe Córa]. (COM(2020)14 final.)

*Communication 'European Skills Agenda for sustainable competitiveness, social fairness and resilience'* [Teachtaireacht 'An Clár Oibre Scileanna don Eoraip maidir le hiomaíochas inbhuanaithe, cothroime shóisialta agus athléimneacht' (COM(2020) 274 final)]

*European Commission 2020: Labour Market and Wage Developments in Europe, Annual Review 2020*. [An Coimisiún Eorpach 2020: Margadh an tSaothair agus Forbairtí Pá san Eoraip, Athbhreithniú Bliantúil 2020]. (ISSN 2443-6771)

*The European Pillar of Social Rights Action Plan* [Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta] (6649/21 + ADD 1 + ADD 2)

Páipéar Bán maidir leis an Intleacht Shaorga – Cur chuige Eorpach i leith barr feabhais agus iontaoibhe (COM(2020) 65 final)

"Tuairim maidir leis an Intleacht Shaorga – deiseanna agus dúshláin don chomhionannas inscne" (An Coiste Comhairleach maidir le Comhdheiseanna idir Mná agus Fir, an 18 Márta 2020)

6. Parlaimint na hEorpa

Rún dar teideal “Creat na ngnéithe eiticiúla den intleacht shaorga, den róbataic agus de theicneolaíochtaí gaolmhara. ” (P9_TA(2020)0275)

7. An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE)

*Gender Equality and the socio-economic impact of the COVID-19 pandemic, 2021*.[Comhionannas Inscne agus tionchar socheacnamaíoch phaindéim COVID-19, 2021]. (8878/21 ADD1)

An intleacht shaorga, an obair ardáin agus an comhionannas inscne. 13976/21 ADD 1.

*“Gender Equality Index 2020: Digitalisation and the future of work,” 2020* [“Innéacs Comhionannais Inscne 2020: An Digiteáil agus todhchaí na hoibre,” 2020]. https://eige.europa.eu/publications/gender-equality-index-2020-digitalisation-and-future-work

8. Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA)

Cáilíocht sonraí agus intleacht shaorga – laofacht agus earráid a mhaolú chun cearta bunúsacha a chosaint (2019)

#BigData: Idirdhealú sa chinnteoireacht sonraí-thacaithe (2018)

9. Eurofound

*“Regulations to address work-life balance in digital flexible working arrangements”* [“Rialacháin chun aghaidh a thabhairt ar an gcothromaíocht oibre is saoil i socruithe digiteacha solúbtha oibre”], An tsraith Foirmeacha nua fostaíochta, 2020.

*“Telework and ICT-based mobile work: Flexible working in the digital age”,* [“Teilea-obair agus obair il-ionaid bunaithe ar TFC: Obair sholúbtha sa ré dhigiteach”], An tsraith Foirmeacha nua fostaíochta, 2020

https://www.eurofound.europa.eu/sites/default/files/ef_publication/field_ef_document/ef19032en.pdf

*“Platform economy: Developments in the COVID-19 crisis,”* [“Geilleagar ardán: Forbairtí le linn ghéarchéim COVID-19”], 2020. https://www.eurofound.europa.eu/data/platform-economy/dossiers/developments-in-the-covid-19-crisis

*“Labour market change: Trends and policy approaches towards flexibilisation, Challenges and prospects in the EU series,” 2020* [“Athrú ar an margadh saothair: Treochtaí agus cuir chuige beartais i dtreo solúbthachta, an tsraith Dúshláin agus ionchais san Aontas,” 2020].

10. Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

*"Teleworking and gender equality – conditions so that teleworking does not exacerbate the unequal distribution of unpaid care and domestic work between women and men and for it to be an engine for promoting gender equality."* ["Teilea-obair agus comhionannas inscne – coinníollacha ionas nach gcuirfear le dáileadh neamhionann an chúraim gan íocaíocht agus na hoibre tí idir mná agus fir de bharr na teilea-oibre, agus chun go mbeidh sí ina hinneall chun an comhionannas inscne a chur chun cinn"]. SOC/662-EESC-2020.

11. Na Náisiúin Aontaithe

Dearbhú agus Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising (Clár Oibre na Náisiún Aontaithe don chomhionannas inscne agus do chumhachtú na mban)

Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le gach cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú (CEDAW)

Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SDG) 5.4 de Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe

12. Tagairtí eile

*OECD*, *"Women at the core of the fight against Covid-19 crisis", OECD Policy Responses to Coronavirus (COVID-19)* ["Mná i gcroílár an chomhraic in aghaidh ghéarchéim Covid-19", Freagairtí Beartais ó ECFE ar an gCoróinvíreas (COVID-19)]. Leagan an 1 Aibreán 2020

https://www.oecd.org/coronavirus/policy-responses/women-at-the-core-of-the-fight-against-covid-19-crisis-553a8269/#biblio-d1e2093.

*Council of Europe Recommendation CM/Rec(2019)1 on preventing and combating sexism.* [Moladh CM/Rec(2019)1 ó Chomhairle na hEorpa maidir le gnéasachas a chosc agus a chomhrac].

Conclúidí ón Uachtaránacht an 6 Nollaig 2018 maidir leis an gComhionannas Inscne, an Óige agus an Digitiú (15308/18)